


Bóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir

Scéim Eatramhach

BILEOG EOLAIS



1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAIL

Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Gréasán Taistil Gníomhaigh a sheachadadh trí shraith tionscadal bonneagair sna naoi mbliana atá amach romhainn. Fásfaidh an Gréasán Taistil Gníomhaigh ón 10km atá ann faoi láthair go gréasán nasctha 310km trasna na cathrach. Cuirfidh sé seo Gréasán Taistil Gníomhaigh atá níos sábháilte, cuimsithí agus nasctha ar fáil atá inbhuanaithe. Tógfaidh sé roinnt ama na tionscadail seo a phleanáil agus a dheardh. Idir an dá linn, tá sé beartaithe scéimeanna eatramhacha a dheardh agus a chur i bhfeidhm ar na bealaí seo nuair is féidir.

Tá Scéim Eatramhach Siúil agus Rothaíochta Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir aitheanta mar bhealach oiriúnach do bhearta Eatramhacha. Seachadfaidh an Scéim seo 5km de lánaí rothar cosanta ar feadh Bhóthar Chill Bharróg, Bhóthar Thóin le Gaoith agus Bhóthar Oscair Mhic Thréinir idir acomhal Bhóthar Bhinn Éadair/Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus acomhal Bhóthar Mhic Thréinir/Bhóthar Chúirt an Bharraigh.

CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?

- 1 Forbhreathnú ar an Tionscadal
- 2 Buntáistí na Scéime
- 3 An gá atá leis an Scéim
- 4 Príomhghnéithe
- 5 Cur Isteach Beag ar Thrácht le linn Suiteála
- 6 Conas Teagmháil a dhéanamh linn



Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

2 BUNTÁISTÍ NA SCÉIME

- Áiseanna rothaíochta ardchaighdeán cosanta a sholáthar chun freastal ar gach aois agus cumas
- Éascaíonn sí stíl mhaireachtála níos gníomhaí do gach aois, rud a thugann buntáistí iomadúla don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach
- Rannchuidiú le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí aistriú módach chuig úsáid taistil ghníomhach a spreagadh

3 AN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM

- Naisc chuig go leor ionad oideachais ar feadh an bhealaigh a fheabhsú, lena n-áirítear Iarbhunscoil Choláiste Dhúlaigh, Chanel Catholic College, St Eithnes Girls National School, St Malachys Boys National School
- Saoráidí siúil & rothaíochta a fheabhsú do na pobail áitiúla
- Nasc a chur ar fáil maidir le scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo;
 - Bealach Busconnects (ó Chluain Ghrífin go Lár na Cathrach)
 - Scéim Rothaíochta Eatramhach na Cúlóige go Cluain Tarbh (Bóthar na Cille Móire, Bóthar Ghort na nGrás agus Ascaill Choill an tSrutháin, Bóthar Shibéal, Ascaill Vernon)
 - Scéim Rothaíochta Chnocán Doirinne go Cill Bharróg

4 PRÍOMHGHNÉITHE

Le linn na scéime, ní chuirfear isteach ar chosáin ná ar chabhsáin atá ann cheana féin. Cuirfear feabhas ar áiseanna trasnaithe do choisithe ar thaobh-bhóithre mar go ndaingneofar na hacmhail trí úsáid a bhaint as marcálacha bóthair agus mullaird

Bóthar Chill Bharróg

Tosóidh an scéim ag Acomhal Bhóthar Chill Bharróg/Bhóthar Bhinn Éadair/Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Cosnófar na lánaí rothaíochta gan chosaint atá ann feadh Bhóthar Chill Bharróg anois, ag scaradh rothaithe ó thrácht colbhaí agus mullaird solúbtha. Beidh na rianta rothar cosanta 1.5m ar leithead. Ní athrófar páirceáil agus lódáil atá ann cheana ag siopaí agus ní chosnófar an lána rothaíochta ag an láthair seo.

Bóthar Thóin le Gaoith


Leanann an scéim ar aghaidh go dtí Bóthar Thóin le Gaoith. Tabharfar isteach raon rothar leithscartha nua ar dhá thaobh an bhóthair, ag scaradh rothaithe ó thrácht trí cholbhaí agus mullaird solúbtha. Beidh na rianta rothar cosanta nua 1.5m ar leithead. Éascóidh an scéim eatramhach nasc amach anseo leis an acomhal atá beartaithe ag Bóthar Mhullach Íde le haghaidh BusConnects

Bóthar Oscair Mhic Thréinir

Tar éis Bhóthar Mhullach Íde leanann an scéim ar aghaidh feadh Bhóthar Oscair Mhic Thréinfhir. Tabharfar isteach raon rothar leithscartha nua ar dhá thaobh an bhóthair, ag scaradh rothaithe ó thrácht trí cholbhaí agus mullaird solúbtha. Beidh na rianta rothar cosanta nua 1.5m ar leithead. Críochnóidh an scéim eatramhach ag Bóthar Chúirt an Bharraigh (Ionad siopadóireachta ó Thuaidh)



TRASGHEARRADH TIPICIÚIL



5 CUR ISTEACH BEAG AR THRÁCHT LE LINN SUITEÁLA

Meastar go gcuirfear tús leis na hoibreacha suiteála ar an scéim seo go luath in 2023. D'fhonn an scéim seo a sheachadadh, beidh cur isteach sealadach beag ar thrácht chuig an gceantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir, iarracht é seo a íoslaghdú a oiread agus is féidir



Ealaíontóirí ar an dearadh mionsonraithe


6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi Scéim Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir féach le do thoil ar láithreán gréasáin an chomhairliúcháin thíos. Is féidir aon ráitis/tuairimí a d'fhéadfadh a bheith agat ar an scéim eatramhach a chur isteach tríd an láithreán gréasáin, seoladh ríomhphoist nó seoladh poist thíos:



<https://consultation.dublincity.ie/>

(déan an cód QR a scanadh le do thoil)



activetraveloffice@dublincity.ie agus an t-ábhar:
Scéim Eatramhach Bhóthar Chill Bharróg go Bóthar Oscair Mhic Thréinir



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig an Chláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F



Tá cruachóip de na líníochtaí uile, ar fáil le breathnú orthu, le linn na tréimhse comhairliúcháin i Leabharlann na Cúlóige, Bóthar Chúirt an Bharraigh, Baile Átha Cliath 17